

Riachtanais Speisialta Oideachais san Iarbhunscolaíocht	Grúpa Forbartha Cruinniú 2: 11 Eanáir 2023
Mír ar an gClár	Nótaí
Forléargas ar fheidhm an Ghrúpa Forbartha	Thug an tOifigeach Oideachais forléargas gairid ar threoir an ghrúpa forbartha. Tá riachtanais an scoláire ag croílár fhorbairt na modúl nua sa tsraith shinsearach.
Clár Foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 – Cúlra agus Réasúnaíocht	Roinneadh téamaí a tháinig chun cinn san Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 leis an ngrúpa agus rinneadh plé ar rochtain a fháil ar CF L1 agus CF L2. Aontaíodh gurbh é cur chuige ildisciplíneach chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais an scoláire an cur chuige is feiliúnaí lena fháil amach ar cheart don scoláire tabhairt faoi CF L1 nó L2.
Tuiscint a fháil ar phróifíl agus ar riachtanais foghlama an scoláire i ndiaidh CF L1 agus L2	Roinneadh an grúpa i roinnt grúpaí níos lú chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt cás-staidéar ar scoláirí i ndiaidh CFL1 agus CFL2. Rinne siad plé ar an gcaoi a bhféadfadh conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach an leas is fearr a dhéanamh do gach scoláire. Chuir sé sin comhthéacs ar fáil don phróiseas curaclaim a raibh siad chun a bheith páirteach ann.
Na Chéad Chéimeanna Eile	An Chéad Chruinniú Eile 28-03-23 Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú agus luaigh sé arís an obair luachmhar a bhí á déanamh anois ag an ngrúpa. Déanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ar na moltaí agus ullmhóidh dréachtábhar don chéad chruinniú eile.